


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta:** | Airgeadas UCD |
| **Scoil \| Aonad:** | Airgeadas UCD |
| **Teideal an Phoist & Réimse Ábhair:** | Speisialtóir Feabhsúcháin Leanúnach |
| **Tréimhse an Phoist:** | Post sealadach 3 bliana MÓIDE painéal sé mhí le haghaidh postanna folmha eile sealadacha lánaimseartha de thréimhsí éagsúla a d'fhéadfadh teacht chun cinn sa tréimhse sin. |
| **Grád:** | Oifigeach Riaracháin 1 |
| **Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme:** | Bainistíocht Airgeadais - Leibhéal Gairme 4 |
| **Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist:** | 2025-05-040 |
| **Bainisteoir Líne:** | Ceannasaí Feabhsúcháin Leanúnach agus/nó ainmnitheach |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais:** | 018927 |
| **Riarthóir Acmhainní Daonna:** | Yasemin Ozdemir |

## Achoimre ar an bPost:

Tacaíonn an Speisialtóir Feabhsúcháin Leanúnach Airgeadais le sármhaitheas oibríochtúil a bhrú chun chinn san Oifig Airgeadais trí anailís a dhéanamh ar phróisis ghnó agus iad a bharrfheabhsú, prionsabail Lean a chur i bhfeidhm, agus cultúr feabhsúcháin leanúnaigh a chothú. Beidh an post seo ríthábhachtach chun neamhéifeachtúlachtaí a laghdú, cáilíocht seirbhíse a fheabhsú, agus oibríochtaí a ailíniú le spriocanna straitéiseacha agus oibríochtúla na hOifige Airgeadais. Tacaíonn an Speisialtóir Feabhsúcháin Leanúnach Airgeadais le huasghráduithe córas agus le cruthú tuairiscithe i gcomhar leis an bhFoireann Teicneolaíochta Airgeadais

**<u>Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:</u>**

- Cabhraíonn sé/sí le próisis agus nósanna imeachta na hOifige Airgeadais a mheas, ag cur le straitéisí le haghaidh feabhsuithe próisis chun cultúr feabhsúcháin leanúnaigh a chothú agus tacú le feabhsú leanúnach ar fheidhmíocht.
- Cuireann sé/sí saineolas Lean Six Sigma i bhfeidhm chun straitéisí éifeachtacha a fhorbairt agus chun cabhrú leo a chur i bhfeidhm don ollscoil. Tacaíonn sé/sí le héifeachtúlacht oibríochtúil trí phróisis ghnó a chuíchóiriú, deireadh a chur le castachtaí neamhriachtanacha, agus bealaí oibre níos éifeachtaí a shainaithint.
- Tacaíonn sé/sí le hathbhreithnithe iar-fhorfheidhmithe chun seachadadh rathúil tionscadail agus torthaí a chinntiú, ag aithint réimsí le haghaidh feabhsúcháin i gcomhar leis an gCeannasaí.
- Comhoibríonn sé/sí le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha chun tacú le ceardlanna agus tionscadail a éascú a spreagann smaointe agus réitigh feabhsúcháin próisis.
- Cabhraíonn sé/sí lena chinntiú go ndéantar tionchar gnó agus cuspóirí tionscadail a shainaithint go soiléir, a rianú agus a bhainistiú ar feadh shaolré an tionscadail.
- Cabhraíonn sé/sí le straitéis feabhsúcháin leanúnaigh a fhorbairt agus a chur i gcrích a thagann le spriocanna agus cuspóirí na hOifige Airgeadais.
- Tacaíonn sé/sí le hiarrachtaí chun cultúr feabhsúcháin leanúnach a bhunú trí chabhrú le creataí a chur i bhfeidhm agus oiliúint agus oideachas gaolmhar a sholáthar.
- Oibríonn sé/sí in éineacht le comhordaitheoirí CI (ionadaithe airgeadais ag obair go dlúth leis an bhfoireann CI) chun cumais láidre a fhorbairt i modhanna agus uirlisí CI, ag cabhrú le cleachtais CI a leabú ar fud na heagraíochta.

- Ionadaíocht a dhéanamh don Cheannasaí Feabhsúcháin Leanúnach nuair is gá.
- Tugann sé/sí faoi aon dualgais eile a shanntar ag an gCeannasaí Feabhsúcháin Leanúnach, an Ceannasaí Teicneolaíochta Airgeadais, nó an Leas-Stiúrthóir Teicneolaíochta Airgeadais & Feabhsúcháin Leanúnaigh.

**Sonrach don Phost seo / NÓTA TÁBHACHTACH d'Iarrthóirí**
Cruthófar painéal sealadach trína líonfar poist bhreise sealadacha lánaimseartha mar **'Speisialtóir Feabhsúcháin Leanúnach'**, más rud é go n-éireoidh siad folamh laistigh de SÉ mhí ó chomórtas tosaigh chun CEANN phost sealadach (3 bliana) atá ar fáil faoi láthair a líonadh. *[N.B. Is féidir le fad na bpost sealadach lánaimseartha a thairgfear ar bhonn painéil athrú.]*

**95 Oifigeach Riaracháin 1_2010: €52,815 - €71,492 in aghaidh na bliana**
Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis phinsin ar fáil ag:
https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht chuimsitheach a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do chách. Fáiltímid roimh iarratais ó gach duine, iad siúd a shainaithníonn aon cheann de na tréithe cosanta atá leagtha amach inár mbeartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe san áireamh. Tuilleadh eolais faoin Éagsúlacht ag: https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

Soláthrófar socruithe réasúnacha d'aon iarrthóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil siad néara-éagsúil.

**Critéir Roghnúcháin**
Tá Creatlach do Chnuasaigh Phoist ag UCD agus tá an ról seo mar chuid den **Chnuasach Poist Bainistíochta Airgeadais agus tagann sé le Leibhéal Gairme 4.** Tá tuilleadh sonraí ar na hinniúlachtaí feidhmiúla agus lárnacha atá leagtha amach sa Chreat um Chnuasaigh Post ar fáil ag https://www.ucd.ie/hr/promotionsgrading/jobfamilies/

Éigeantach:

**Taithí agus Cáilíochtaí**

- 4-5 bliana de thaithí ghairmiúil ag obair i ról a bhaineann le bainistíocht airgeadais in eagraíocht mhór nó in institiúid tríú leibhéal agus cáilíocht ghairmiúil tríú leibhéal san Airgeadas nó i ndisciplín ábhartha.
- 4-5 bliana de thaithí chruthaithe i dtionscadail a threorú agus úsáid á baint as modheolaíocht Lean Six Sigma, lena n-áirítear réitigh bogearraí airgeadais a chur i bhfeidhm agus a bharrfheabhsú go rathúil.
- An cumas oiriúnú do thimpeallachtaí atá ag athrú go tapa agus chun oibriú faoi bhrú.
- Taithí roimhe seo i gceannas ar thionscnaimh feabhsúcháin leanúnacha le torthaí inbhuanaithe agus scileanna láidre bainistíochta tionscadail a léiriú.
- An cumas chruthaithe oibriú go neamhspleách le beagán maoirseachta.
- Dea-scileanna anailíseacha agus cruthaitheacha i réiteach fadhbanna agus aird mhór ar mhionsonraí.
- An cumas chun tosaíochtaí iolracha, a bhíonn uaireanta ag teacht salach ar a chéile, agus srianta ama sonracha a bhainistiú.
- A bheith grinn i gcúrsaí gnó agus scileanna ceannaireachta
- Eolas ar fheidhmeanna agus nósanna imeachta airgeadais, chomh maith le tuiscint ar ullmhú cuntas airgeadais agus ar thimthriallta pleanála.
- Tuiscint mhaith ar rialuithe airgeadais agus ar bhainistíocht riosca laistigh de thimpeallacht airgeadais.
- Eolas láidir ar fheidhmeanna airgeadais, nósanna imeachta, agus prionsabail chuntasaíochta.
- Tuiscint mhaith ar rialuithe airgeadais agus ar bhainistíocht riosca laistigh de thimpeallacht airgeadais.
- Taithí shuntasach i ndearadh, i meastóireacht agus i soláthar comhairle maidir le cuntasaíocht airgeadais agus córais ghaolmhara, lena n-áirítear forbairtí reatha agus atá ag teacht chun cinn do pháirtithe leasmhara uile na hollscoile

**<u>Inniúlachtaí Feidhmiúla</u>**

- **<u>Tuairisciú Airgeadais:</u>** Cuireann sé/sí le forbairt agus feabhsú tuarascálacha airgeadais agus bainistíochta chun tacú le cinnteoireacht inmheánach agus comhlíonadh seachtrach. Léiríonn sé/sí inniúlacht i scarbhileoga agus i gcórais tuairiscithe airgeadais (e.g., Workday, Adaptive), agus úsáideann sé/sí an saineolas seo chun cumais tuairiscithe a fheabhsú. Feidhmíonn sé/sí eolas atá ag forbairt ar chaighdeáin tuairiscithe airgeadais ábhartha (e.g., FRS 102, US GAAP) chun tionscnaimh feabhsúcháin a phróiseáil, ag cinntiú go bhfanann faisnéis airgeadais iontaofa agus comhsheasmhach le linn athruithe córais agus próisis.
- **<u>Cánachas:</u>** Coinníonn sé/sí feasacht ar phríomhphrionsabail chánachais (e.g., VAT, RCT) agus ar an gcaoi a dtéann siad i bhfeidhm ar fheabhsúcháin an chórais airgeadais, go háirithe laistigh de chuntais iníoctha agus comhthéacsanna tuairiscithe airgeadais. Tacaíonn sé/sí le comhlíonadh trí thionchair chánachais fhéideartha a aithint le linn athdhearadh próisis nó feabhsuithe córais agus trí thuiscint cathain is gá saincheisteanna a ardú chuig saineolaithe ábhar. Ailíníonn sé/sí gníomhaíochtaí feabhsúcháin leanúnaigh le beartais institiúideacha agus riachtanais na gCoimisinéirí Ioncaim chun comhlíonadh leanúnach a chinntiú.
- **<u>Iniúchadh:</u>** Tacaíonn sé/sí le hullmhacht iniúchóireachta trí dhoiciméadú próisis, rialuithe inmheánacha, agus cloí le creataí rialachais. Rannchuidíonn sé/sí le sceidil agus freagraí iniúchóireachta a ullmhú trí dhoiciméadú cruinn agus inrianaithe a chinntiú maidir le hoibríochtaí airgeadais agus tionscnaimh feabhsúcháin. Comhtháthaíonn sé/sí breithnithe iniúchóireachta le saolréanna tionscadail, ag tacú le cultúr cuntasachta agus trédhearcachta laistigh d’oibríochtaí airgeadais.
- **<u>Timpeallacht Ghnó:</u>** Léiríonn sé/sí tuiscint láidir ar phróisis airgeadais, rialuithe inmheánacha, agus bainistíocht riosca de reir mar a bhaineann siad le feabhsú próisis i dtimpeallacht chasta eagraíochtúil. Tacaíonn sé/sí le héifeachtúlacht oibríochtúil na hOifige Airgeadais trí phróisis ghnó a mheas agus a fheabhsú trí úsáid a bhaint as modheolaíochtaí Lean, agus ag an am céanna ailíniú le straitéisí institiúideacha, creataí rialachais, agus riachtanais chomhlíonta a chinntiú. Cuireann sé/sí feasacht ar dínimic eagraíochtúil agus treochtaí seachtracha i bhfeidhm chun feabhsúcháin a threorú a choinníonn sláine airgeadais agus cáilíocht sonraí.

**<u>Príomhinniúlachtaí</u>**

- **Pleanáil agus Eagrú:** Léiríonn sé/sí cumas den scoth chun a gcuid oibre féin a phleanáil agus a eagrú go héifeachtach agus tosaíochtaí soiléire a leagan síos lena chinntiú go gcomhlíontar spriocdhátaí.
- **Caidrimh a Chothú:** Fianaise shoiléir ar chumas suntasach caidrimh oibre éifeachtacha a thógáil laistigh den réimse féin agus ar bhonn níos leithne agus comhoibriú agus comhar a spreagadh i réimsí eile.
- **Bainistíocht Tionscadail:**
    - Léiriú ar an gcumas spriocanna/cuspóirí tionscadail a chinneadh ag cinntiú go bhfuil cuspóir an tionscadail sainmhínithe go soiléir, mar aon le critéir ratha agus cumas cruthaithe chun amlínte agus riachtanais acmhainní a phleanáil chun spriocdhátaí tionscadail a chomhlíonadh.
    - Taithí chruthaithe ar bhainistiú tionscnaimh fheabhsúcháin phróisis mheánmhéide go mórmhéide ag baint úsáide as modheolaíocht agus uirlisí bainistíochta tionscadail.
    - Scileanna anailíseacha agus réitigh fadhbanna ardfhorbartha, leis an gcumas saincheisteanna, bearnaí a aithint agus réitigh éifeachtacha a fhorbairt.
    - Taithí chruthaithe ar thacú le tionscnaimh bhainistíochta athraithe agus tionscadail a chur i bhfeidhm trí Mhodheolaíocht agus uirlisí Lean Six Sigma.
    - Taithí cruthaithe ar riachtanais úsáideora a aistriú go réitigh, chun próisis a dhoiciméadú, chun tuarascálacha a scríobh agus, chun doiciméadú úsáideora a scríobh.
- **Daoine a Bhainistiú:**
    - Fianaise ar chumas a fhorbairt maidir le daoine a bhainistiú, oibriú chun foireann láidir a chruthú, caitheamh go cothrom agus go comhsheasmhach le gach duine agus cuntasacht a roinnt agus iad ag tarmligean.
    - Taithí cruthaithe ar obair chun foireann láidir a chruthú agus a bhainistiú, agus an obair cheart a

ailíniú leis na daoine cearta agus tacú go héifeachtach le dúshláin feidhmíochta.

- **Páirtithe Leasmhara a Bhainistiú:**
  - Bainistiú éifeachtach páirtithe leasmhara. An cumas cruthaithe chun tionchar dearfach a imirt ag gach leibhéal den eagraíocht.
  - Léiríonn sé/sí scileanna suntasacha bainistíochta páirtithe leasmhara, teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara chun riachtanais a aithint, freagairt do riachtanais agus ionchais a bhainistiú.
- **Cumarsáid Éifeachtach:**
  - Scileanna cumarsáide den scoth, idir scríofa agus labhartha.
  - Scileanna cumarsáide ardfhorbartha leis an gcumas dul i mbun cumarsáide i scríbhinn agus ó bhéal atá soiléir, gan athbhrí agus trédhearcach, leis an gcumas coincheapa casta teicniúla a mhíniú do pháirtithe leasmhara neamhtheicniúla.
- **Athrú a Bhainistiú:**
  - Taithí chruthaithe ar thacú le gníomhaíochtaí bainistíochta athraithe.
  - Teist láidir ar chur chuige dearfach a ghlacadh maidir le dul i ngleic le hobair agus glacadh le hathrú, cinntíonn sé/sí bainteacht agus rannpháirtíocht chuí páirtithe leasmhara i gcláir/tionscadail athraithe.
- **Feasacht Eagraíochtúil:**
  - Léiríonn sé/sí eolas agus tuiscint láidir ar chreataí agus ar phróisis rialachais agus bainistíochta UCD.
- **Critéir Éigeantacha mar chuid de Chlár Oibre UCD um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú:** Ní mór d'iarrthóirí feasacht a léiriú ar chlár oibre an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe

Inmhianaithe:

- Cáilíocht Lean Six Sigma nó Cáilíocht Bainistíochta Tionscadail
- Cáilíocht Bainistíochta Athruithe
- Taithí ar Workday/ Adaptive an-inmhianaithe
- Taithí ag scríobh tuarascálacha i Workday nó Adaptive Report Writer
- Ardleibhéal uimhearthachta, cruinnis agus aird ar mhionsonraí, in éineacht le scileanna láidre anailíse agus réiteach fadhbanna
- Tuiscint ar an timpeallacht ghnó, an gá atá le rialuithe agus sláine sonraí a áirithiú, agus ag an am céanna eispéireas úsáideoirí sásúil a áirithiú d'úsáideoirí na gcóras airgeadais

## Eolas Breise:

| | |
|---|---|
| An Ollscoil: | https://www.ucd.ie/ |
| Straitéis UCD 2030: Teorainneacha a Shárú | https://strategy.ucd.ie/ |
| An Coláiste/Aonad Bainistíochta: | http://www.ucd.ie/finance/ |
| An Scoil/Oifig Chláir/Aonad: | https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/ |
| Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ag UCD | N/B |

**Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:**

| | |
|---|---|
| Ainm: | Richael Leahy |
| Teideal: | Stiúrthóir Airgeadais |
| Seoladh ríomhphoist: | richael.leahy@ucd.ie |
| Fón: | 01 716 1277 |